(FSS) a chur ar an eolas. Má tá líon na leanaí a dtugtar cúram dóibh níos lú ná 3 níl iallach ar an bhFeighlí Leanaí an FSS a chur ar an eolas.

Buail Isteach

Tairgeann soláthar buail isteach maidir le cúram leanaí seirbhís ar feadh tréimhsí gearra ama i rith an lae do Thuismitheoirí / Chúramóirí a bhfuil riachtanais chúram leanaí mírialta acu. Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil de ghnáth ag óstáin, ionaid fóillíochta agus ag ionaid siopadóireachta.

Cúram Leanaí a Roghnú:

Bí ullamh agus déan do leanbh a chlárú go luath nó d'fhéadfadh liosta feithimh a bheith i gceist le seirbhísí áirithe. Ba chóir duit cuairt a thabhairt ar roinnt seirbhísí cúram leanaí sula ndéanann tú do chinneadh deiridh maidir le seirbhísí cúram leanaí a roghnú chun cúram a thabhairt do do do leanbh. Seo duit roinnt ceisteanna samplacha gur chóir duit a chur ar an soláthraí cúram leanaí agus tú ar cuairt:

Ceisteanna gur féidir leat a chur ar sholáthraí cúram leanaí:

- An ndearna an tseirbhís a fhógairt don Roinn FSS Réamhscolaíochta áitiúil?
- Cad iad na haoiseanna agus líon na leanaí a ndéanann an tseirbhís freastal orthu?
- Cé mhéad ball foirne atá ann?
- Cén cáilíochtaí / taithí atá ag an bhfoireann?
- Cad iad na huaireanta oscailte, táillí nó an íocaíocht i gcás laethanta saoire / neamh-thinrimh agus an fógra foirceanta?
- An bhfuil beartais agus nósanna imeachta imleora ag an tseirbhís m.sh. Cosaint Leanaí, Bainistíocht Iompair, Beartas Codlata, Beartas Breoiteachta Leanaí agus Beartas Éigeandála lena n-áirítear Beartas Timpiste / Teagmhais (ní cuimsitheach é an liosta seo)?
- An bhfuil lámhleabhar tuistí ann a shonraíonn na seirbhísí, beartais agus nósanna imeachta?
- An bhfuil an tseirbhís faoi árachas?
- Cad iad na míreanna a chaithfidh an tuismitheoir a sholáthar m.sh. clúidíní, buidéil srl.
- An gcuirtear bia ar fáil agus má chuirtear an bhfuil sé folláin, cothromaithe agus scamhardach?
- An bhfuil clár gníomhaíochtaí / curaclam beartaithe?

Teagmhálacha:

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ag am ar bith má tá ceisteanna agat maidir leis an bhfaisnéis sa bhileog seo agus le haghaidh liosta na seirbhísí cúram leanaí atá ar fáil i dTiobraid Árann Thuaidh:

Coiste Cúram Leanaí Chontae Thiobraid Árann Thuaidh
Oifigí Sibhialta, Bóthar Luimnigh,
An tAonach, Co. Thiobraid Árann
Teil: 067-44888
Ríomhphost: childcare@northtippcoco.ie
Láithreán Gréasáin: www.northtipperarychildcare.ie

nó is féidir leat dul i dteagmháil le :

Seirbhísí Cigireachta Réamhscolaíochta agus Faisnéise
Health Service Executive (HSE)
Annbrook, An tAonach, Co. Thiobraid Árann

Teil: 067-38308
Láithreán Gréasáin: www.hse.ie

Tá an bhileog seo ar fáil le híoslódáil ó www.northtipperarychildcare.ie

English: This leaflet is available to download from www.northtipperarychildcare.ie

POLISH: Niniejszą broszurę można również pobrać z witryny internetowej www.northtipperarychildcare.ie

HUNGARIAN: A füzet tartalma letölthető a következő címről: www.northtipperarychildcare.ie

RUSSIAN: Данную листовку можно загрузить, нажав на ссылку: www.northtipperarychildcare.ie

north tipperary county childcare committee

Coiste Cúram Leanaí Chontae Thiobrad Árann Thuaidh

Coiste Cúram Leanaí Chontae Thiobraid Árann Thuaidh



Transforming Ireland
Funded by the Irish Government under the National Development Plan 2007-2013

Is cinneadh thar a bheith tábhachtach é cúram leanaí a roghnú agus d'fhéadfaí é a bheith ina thasc fíor-dheacair. Gan amhras cuirfidh Tuismitheoirí / Curamóirí ceisteanna orthu féin ag an am seo ar nós 'Cá háit a bhféachfaidh mé i dtosach?', 'Cad atá á lorg agam?' agus 'Conas is féidir liom a bheith cinnte go dtabharfar cúram cuí do mo leanbh?' Tá roinnt roghanna cúram leanaí ar fáil do Thuismitheoirí / Chúramóirí a bhfuil fonn orthu filleadh ag obair. Tá an rogha de chúram leanaí ag brath ar imthosca aonair gach aon teaghlaigh ar nós na n-uaireanta atá á n-oibriú, láthair na seirbhíse cúram leanaí mar aon le tosaíochtaí pearsanta.
San áireamh leis an mbileog seo tá forbhreathnú achomair ar roghanna áirithe atá ar fáil do Thuismitheoirí / Chúramóirí a bhfuil cúram dá leanbh á lorg acu.

Seirbhísí Cúram Leanaí Príobháideacha & Pobail

I gcoitinne, feidhmíonn seirbhísí cúram leanaí mar ghnó príobháideach nó mar sheirbhís sheachbhrabúsach phobalbhunaithe. Tabharfaidh úinéirí an ghnó faoi bhainistíocht seirbhís cúram leanaí phríobháideach; ach i gcás seirbhís cúram leanaí atá pobalbhunaithe is coiste bainistíochta deonach a bhainistíonn í. Is féidir go dtabharfadh cúram leanaí atá pobalbhunaithe tosaíocht do na leanaí siúd atá ina gcónaí i gceantar na seirbhíse agus béim faoi leith ar mhíbhuntáiste.

Seirbhísí Seisiúnacha / Páirtaimseartha

Cuireann seirbhísí seisiúnacha cúram leanaí ar fáil do leanaí réamhscolaíochta ar feadh tréimhse nach mó ná 3.5 huaire in aghaidh an tseisiúin.
Cuireann seirbhísí páirtaimseartha cúram leanaí ar fáil do leanaí réamhscolaíochta ar feadh tréimhse atá níos mó ná 3.5 huaire agus níos lú ná 5 huaire in aghaidh an lae. Is féidir go mbeadh seirbhís sheisiúnach san áireamh le seirbhísí páirtaimseartha do leanaí réamhscolaíochta nach mbíonn ag freastal ar an tseirbhís cúram lae pháirtaimseartha.
Ba chóir do na seirbhísí seo clár dea-bheartaithe gníomhaíochtaí / curaclam dea-bheartaithe a chur ar fáil do na leanaí atá ag freastal agus timpellacht shlán, dhaingean agus spreagthach a chinntiú.
Tá claonadh ag seirbhísí seisiúnacha agus páirtaimseartha feidhmiú i rith an téarma scoile; é sin ráite cuirfidh roinnt seirbhísí seisiúnacha cúram leanaí ar fáil lasmuigh de na tréimhsí téarma.

Seirbhísí Lae Iomláin

Cuireann seirbhísí lae iomláin cúram leanaí ar fáil do leanaí réamhscolaíochta ar feadh tréimhse atá níos mó ná 5 huaire in aghaidh an lae.
Is féidir go mbeadh seirbhísí seisiúnacha san áireamh leis an tseirbhís seo do leanaí nach mbíonn ag freastal ar an tseirbhís cúram lae iomláin.
Ba chóir don tseirbhís seo clár dea-bheartaithe gníomhaíochtaí / curaclam dea-bheartaithe a chur ar fáil do na leanaí atá ag freastal agus timpeallacht shlán, dhaingean agus spreagthach a chinntiú.
Feidhmíonn seirbhísí cúram lae iomláin den chuid is mó ar feadh 8 – 9 n-uair in aghaidh an lae chun freastal ar an Tuismitheoir / gCúramóir a bhíonn ag obair lasmuigh den teaghlach. Is féidir nach bhfeidhmeoidh seirbhísí cúraim lae iomláin ach amháin i rith an téarma scoile; é sin ráite cuirfidh roinnt seirbhísí seisiúnacha cúram leanaí ar fáil don chuid is mó den bhliain fhéilire.

Grúpaí Súgartha

Eagraítear grúpaí súgartha réamhscolaíochta i dtithe daoine nó i hallaí pobail. Cuireann siad deiseanna foghlama ar fáil trí churaclam atá bunaithe ar shúgradh.

Montessori

Tá modh oideachais Montessori bunaithe ar riachtanais forbraíochta an linbh laistigh de thimpeallacht a ullmhaítear go cúramach. Tabharfaidh sé taithí don leanbh ar ábhair agus ar eispéiris trína ndéanfar a scileanna intleachtúla, fisiciúla agus sóisialta a fhorbairt. Leanann na leanaí i scoileanna Montessori clár ceachtanna réamhshocraithe, ina thugtar meas dóibh agus a ligtear dóibh forbairt a dhéanamh ar a luas féin.

Naíonra

Is grúpaí súgartha a reáchtáiltear trí mheán na Gaeilge do leanaí réamhscolaíochta iad na Naíonraí. I Naíonra déanfaidh an leanbh Gaeilge a fhoghlaim go nádúrtha agus go réidh trí churaclam atá bunaithe ar shúgradh. Tá sé taitneamhach do leanbh óg focail nua a fhoghlaim i dtimpeallacht a bhaineann le súgradh, hamhráin agus scéalta.

Curaclam bunaithe ar shúgradh

Cuirfidh curaclam ardcháilíochta atá bunaithe ar shúgradh timpeallacht foghlama shaibhir ar fáil a chuirfidh forbairt iomlánaíoch an linbh aonair chun tosaigh trí mheán an tsúgartha.

High / Scope

Is cur chuige 'foghlaim ghníomhach' é High / Scope a thugann taithí theagmhálach dhíreach ar dhaoine, rudaí, imeachtaí agus ar smaointí do leanaí.

Cúram do leanaí atá ag aois scoile

Tairgeann cúram do leanaí atá ag aois scoile seirbhís do Thuismitheoirí / Chúramóirí a chuireann timpeallacht slán, mhaoirsithe agus spraíúil ar fáil áit a dtugtar cúram do leanaí i gcuideachta a gcairde ón am a chríochnaíonn na leanaí ag an scoil go dtagann a dTuismitheoirí / gCúramóirí chun iad a bhailiú i ndiaidh a gcuid oibre.
Ba chóir uaireanta oscailte comhsheasmhacha agus rialta a bheith i gceist le Cúram do leanaí atá ag aois scoile agus deis ann do leanaí a gcuid obair bhaile a dhéanamh agus a bheith páirteach le gníomhaíochtaí súgartha agus áineasa. Ba chóir go mbainfeadh béim na forála seo le timpeallacht shuaimhneach, áineasa a ligeann don leanbh scileanna atá ag teacht chun cinn a fhiosrú, a imscrúdú agus a fhorbairt i dtimpeallacht atá slán, daingean.

Grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán

Is deis iontach iad grúpaí Tuismitheoirí & Lapadán do Thuismitheoirí / Chúramóirí leanaí óga chun bualadh le Tuismitheoirí / Cúramóirí leanaí eile atá ar comhaois i dtimpeallacht shlán agus dhaingean ina gceantar féin, ar bhonn seachtainiúil de ghnáth. Is féidir leis na grúpaí seo cúnamh a thabhairt don leanbh ullmhú a dhéanamh chun dul ar aghaidh go cúram leanaí atá scartha ón Tuismitheoir / gCúramóir .i. grúpa réamhscolaíochta nó súgartha. Is féidir leo tacaíocht agus teagmháil a thabhairt do Thuismitheoirí / Chúramóirí nach mbeadh ach beagán de ar fáil dóibh ina mhalairt de chás agus dá réir sin is féidir braistint chomhuintearais níos mó a chothú dóibh laistigh den phobal.

Feighlithe Leanaí

Soláthraíonn feighlithe leanaí atá bunaithe sa bhaile thart faoi 80% den chúram leanaí in Éirinn. Tairgeann siad seirbhís a bhfuil géarghá léi do thuismitheoirí / chúramóirí atá gafa le fostaíocht, hoideachas agus le hoiliúint. Is é ról an Fheighlí Leanaí timpeallacht shlán, oiliúnach a chur ar fáil agus cúram leanaí atá bunaithe sa bhaile a thairiscint do leanbh nó do ghrúpa beag leanaí. Tá iallach ar Fheighlí Leanaí a thugann cúram do bhreis is 5 leanaí réamhscolaíochta (faoi bhun 6 bliana d'aois) ó theaghlaigh éagsúla Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte